

Ailbhe Ní Ghearbhuigh



Ciarraíoch í **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**. Tá a cuid filíochta léite aici i bPáras, i Nua Eabhrac, i Montréal agus ar an mBuailtín. D'fhoilsigh Coiscéim na cnuasaigh *Péacadh* (2008) agus *Tost agus Allagar* (2016). *The Coast Road* an teideal atá ar chnuasach dátheangach a d'fhoilsigh an Gallery Press mar a bhfuil aistriúcháin le filí aitheanta an Bhéarla.

Ailbhe Ní Ghearbhuigh was born in Kerry. She has read at festivals in New York, Paris, Montréal, Berlin and Ballyferriter. Coiscéim published *Péacadh* (2008) and *Tost agus Allagar* (2016). A bilingual collection, *The Coast Road*, published by Gallery Press in late 2016, includes English translations by thirteen poets.

Biddy Jenkinson



Biddy Jenkinson: *Táinrith*, dán fada bunaithe ar scéal na tána, agus *Sceilg na Scál*, cnuasach dánta ar cuireadh tús leis ar an Sceilg, an dá leabhar is deireanaí uaithi. Coiscéim a d'fhoilsigh. Faoi láthair tá an tríú cnuasach de scéalta bleachtaireachta – An tAthair Pádraig Ó Duinnín, foclóirí, mar bhleachtaire – á réiteach aici.

Biddy Jenkinson: Her two latest collections (published by Coiscéim) are *Táinrith*, a long poem based on the Táin, and *Sceilg na Scál*, begun on Skellig. She is working on her third collection of detective stories featuring the lexicographer, Fr Pádraig Ó Duinnín.

Caitriona Ní Chléirchín



Is file, criticeoir agus léachtóir í **Caitriona Ní Chléirchín**. Is as Gort na Móna, Scairbh na gCaorach, Co. Mhuineacháin ó dhúchas í. Bhuaigh a céad chnuasach *Crithloinnir* duais an Oireachtais do scríbhneoirí úra sa bhliain 2010 agus bhuaigh a dara cnuasach *An Bhrídeach Sí* (2014) duais Michael Hartnett i 2015. Thiomnaigh sí a dara cnuasach dá máthair, a fuair bás anuraidh. Foilsíodh filíocht léi in *Comhar*, *Irish Pages*, *Cyphers*, *The Stinging Fly*, *Feasta*, *Blaiseadh Pinn*, *The SHOp*, *An t-Ultach* agus *An Guth*. Scríobhann sí ailt acadúla agus iriseoireachta agus tá níos mó ná fiche léirmheas scríofa aici san *Irish Times*, in *Comhar*, in *Taighde agus Teagasc* agus in irisí eile. Chuir Mícheál Ó Ruairc síos uirthi mar ‘liriceoir nua an ghrá’ sa Ghaeilge in *Comhar* Nollaig 2010. Chuir Liam Carson a saothar i gcomparáid le saothar an fhile cháiliúil Rúisigh Marina Tsvetaeva, ina léirmheas ar a céad chnuasach in *Poetry Ireland Review* 104, 2011. D’aimsigh sé ‘more than a few echoes ... of the spectral romanticism of the Russian Silver age’ i bhfilíocht Ní Chléirchín.

Caitriona Ní Chléirchín is an Irish-language poet, critic and lecturer originally from Gortmoney, Emyvale in Co. Monaghan. Her debut collection *Crithloinnir* won the Oireachtas Prize for New Writers in 2010 and her second collection *An Bhrídeach Sí* published in 2014 won the Michael Hartnett Prize 2015. Her second collection is dedicated to her mother, who passed away last year. She has published poetry in *Comhar*, *Irish Pages*, *Cyphers*, *The Stinging Fly*, *Feasta*, *Blaiseadh Pinn*, *The SHOp*, *An t-Ultach* and *An Guth*. She also writes reviews, academic and journalistic articles and has published over 20 reviews in *The Irish Times*, *Comhar*, and *Taighde agus Teagasc* and others. Mícheál Ó Ruairc has described her as the new love lyricist writing Irish poetry today in *Comhar*, December 2010. Liam Carson compared her work to that of the famous Russian poet Marina Tsvetaeva in his review of her first collection in *Poetry Ireland Review* 104, 2011.

Oíche filíochta

Dé Máirt 23 Iúil 2019 ag 7.30pm

Acadamh Ríoga na hÉireann
19 Sráid Dhásain
Saor in aisce
Fáilte roimh chách

Irish language poetry reading

Tuesday 23 July 2019 ag 7.30pm

The Royal Irish Academy
19 Dawson Street
Admission free
All welcome